2025/899

20.5.2025

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2025/899 ÓN gCOIMISIÚN

an 19 Bealtaine 2025

lena leasaítear Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 a mhéid a bhaineann leis an iontráil a bhaineann leis an Téalainn ar an liosta de thríú tíortha, de chríocha nó de chriosanna de thríú tír nó de chríoch óna n-údaraítear coinsíneachtaí d'eachainmhithe a theacht isteach san Aontas

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Márta 2016 maidir le galair in-tarchurtha ainmhithe agus lena leasaítear agus lena n-aisghairtear gníomhartha áirithe i réimse na sláinte ainmhithe ('Dlí maidir le Sláinte Ainmhithe') ([1]), agus go háirithe Airteagal 230(1) agus Airteagal 232(3) de.

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Foráiltear le Rialachán (AE) 2016/429 nach mór do choinsíneachtaí d'ainmhithe, de tháirgí geirmeacha agus de tháirgí de bhunadh ainmhíoch a theacht ó thríú tír nó ó chríoch, nó ó chrios nó ó dheighleog de thríú tír nó de chríoch, a liostaítear i gcomhréir le hAirteagal 230(1) den Rialachán sin chun teacht isteach san Aontas.

(2) Le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 ón gCoimisiún ([2]) leagtar síos na ceanglais sláinte ainmhithe nach mór do choinsíneachtaí de speicis agus catagóirí áirithe d'ainmhithe, de tháirgí geirmeacha agus de tháirgí de bhunadh ainmhíoch a chomhlíonadh chun teacht isteach san Aontas ó thríú tíortha nó ó chríocha nó ó chriosanna de thríú tír nó de chríoch, nó ó dheighleoga de thríú tír nó de chríoch i gcás ainmhithe uisceacha.

(3) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 ón gCoimisiún ([3]) leagtar síos na liostaí de thríú tíortha, nó de chríocha nó criosanna de thríú tír nó de chríoch, óna gceadaítear na speicis agus na catagóirí ainmhithe, táirgí geirmeacha agus táirgí de bhunadh ainmhíoch a thagann faoi raon feidhme Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 a theacht isteach san Aontas. Leagtar amach na liostaí sin agus rialacha ginearálta áirithe maidir leis na liostaí sin in Iarscríbhinní I go XXII a ghabhann leis an Rialachán Cur Chun Feidhme sin.

(4) Le hIarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404, leagtar amach an liosta de thríú tíortha nó de chríocha, nó de chriosanna de thríú tír nó de chríoch, óna n-údaraítear coinsíneachtaí d'eachainmhithe a theacht isteach san Aontas. Liostaítear an Téalainn san Iarscríbhinn sin agus sanntar í do Ghrúpa Sláintíochta E. Tá teacht isteach coinsíneachtaí capall cláraithe san Aontas ón tríú tír sin ar fionraí ó bhí an 6 Aibreán 2020 ann tar éis ráig de thinneas Afracach eachaí sa tír sin.

([1]) IO L 84, 31.3.2016, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2016/429/oj.

([2]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 ón gCoimisiún an 30 Eanáir 2020 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le rialacha i dtaobh teacht isteach san Aontas, agus gluaiseacht agus láimhseáil coinsíneachtaí d'ainmhithe áirithe, de tháirgí geirmeacha áirithe agus de tháirgí áirithe de bhunadh ainmhíoch tar éis iad a thabhairt isteach (IO L 174, 3.6.2020, lch. 379, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2020/692/oj).

([3]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 ón gCoimisiún an 24 Márta 2021 lena leagtar síos na liostaí de thríú tíortha, de thríú críocha nó de chriosanna díobh óna gceadaítear ainmhithe, táirgí geirmeacha agus táirgí de bhunadh ainmhíoch teacht isteach san Aontas i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 114, 31.3.2021, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2021/404/oj).

(5) Rinne an Coimisiún iniúchadh ([4]) sa Téalainn ón 27 Feabhra 2024 go dtí an 13 Márta 2024 chun meastóireacht a dhéanamh ar na rialuithe sláinte ainmhithe i ndáil le honnmhairí eachainmhithe beo cláraithe chuig an Aontas, agus go háirithe na ráthaíochtaí sláinte ainmhithe a mhéid a bhaineann le tinneas Afracach eachaí. Léirigh toradh an iniúchta sin gur éirigh leis an Téalainn deireadh a chur le tinneas Afracach eachaí tar éis na ráige in 2020, agus gur féidir léi rialuithe agus gníomhaíochtaí sláinte ainmhithe leordhóthanacha a dhéanamh arb é is aidhm dóibh stádas saor ó thinneas Afracach eachaí an tríú tír sin a choinneáil ar bun. Sainaithníodh roinnt easnamh freisin, áfach, ar thug an tríú tír sin aghaidh orthu ó shin. I ndáil leis sin, tá plean gníomhaíochta curtha ar fáil ag an Téalainn chun na moltaí a leagtar amach i dtuarascáil iniúchóireachta an Choimisiúin a chomhlíonadh, lena n-áirítear clár faireachais le haghaidh surra (*Trypanosoma evansi*), toisc gur tuairiscíodh anois cásanna surra sa tríú tír sin, agus rinne an Coimisiún meastóireacht dhearfach ar an bplean gníomhaíochta sin. I bhfianaise na ráthaíochtaí sláinte ainmhithe arna soláthar ag an Téalainn, ba cheart teacht isteach coinsíneachtaí capall cláraithe san Aontas ón tríú tír sin a athúdarú.

(6) Dá bhrí sin, ba cheart Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 a leasú dá réir.

(7) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/404 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 19 Bealtaine 2025.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

([4]) AS(SANTE) 2024-8016, (https://ec.europa.eu/food/audits-analysis/audit-report/details/4805).

I gCuid 1 d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na hiontrála a bhaineann leis an Téalainn:

'TH An Téalainn	TH-0	E	Capaill chláraithe	EQUI-X, EQUI-RE-ENTRY-30, EQUI-RE-ENTRY-90-COMP			6.4.2020	9.6.2025'